Straitéis Luathóige (0-6)

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

FREAGAIRT CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Ainm: _____

Eagras: _____

Uimhir Ghutháin an Teagmhálaí: _____

Uimhir thagartha scoile: _____ (más cuí)

Agus d'fhreagairt á tabhairt anseo agat, cén ról atá agat? (cuir tic leis an cheann chuí):

Tuismitheoir: ☐

Scoil/Grúpa súgartha: ☐

Eagras: ☐

An ndeachaigh tú i mbun comhairliúcháin le baill eile i d'eagras? ☐

Intreoir

Is í an Roinn Oideachais a d'ullmhaigh an cháipéis seo, Freagairt Chomhairliúcháin. Cé go bhfuil sí bunaithe ar an Straitéis dréachta Luathóige (0-6) agus go ngabhann sí leis an Straitéis dréachta sin, ní hé an cás é go bhfuil an cháipéis seo ag teacht in áit na straitéise dréachta. Le tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacs an phróisis chomhairliúcháin seo, moltar duit an straitéis dréachta a léamh ina hiomláine, mar aon leis an pháipéar fianaise a ghabhann léi. Tá siad le fáil ó:

An Fhoireann Luathóige
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Bhaile Aodha
Rathgill
Beannchar
BT19 7PR

☎ 028 9127 9892

Ríomhphost: DE.EarlyYearsTeam@deni.gov.uk

Nó ó shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: **www.deni.gov.uk**

30 Samhain 2010 an dáta deiridh a ghlacfaidh an Roinn le freagairtí. Ní mór freagairtí a chur tríd an phost nó tríd an ríomhphost chuig ceachtar den dá sheoladh thuas.

Léargas Ginearálta

Aithníonn an Roinn Oideachais (RO) gur tréimhse an-tábhachtach ar fad i saol an pháiste í an luathóige. Déantar foghlaim shuntasach le linn mhíonna agus bhlianta na luathóige. Is sa tréimhse seo a chothaíonn an páiste caidrimh le daoine eile, a fhorbraítear coincheapa agus a leagtar síos bunchloch na teanga, na scileanna agus na foghlama ar fad a dhéanfaidh an páiste amach sa tsaol.

Is é is aidhm leis an Straitéis nua fís agus plean a shocrú a chinnteoidh torthaí níos fearr do pháistí. Déanfar é sin trí sholáthar agus cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil do na páistí is óige, dá dtuismitheoirí agus dá dteaghlaigh a fheabhsú sa tréimhse cúig bliana atá romhainn. Is cáipéis ardleibhéil í an Straitéis dréachta ina rianaítear an bealach a dhéanfar nasc idir an réimse seirbhísí Oideachais agus Sláinte luathóige atá ann do pháistí (0-4) agus an Bhunchéim nua sna blianta is túisce ar an Bhunscoil. Léireofar an tiomantas do chomhtháthú na bpolasaithe agus na seirbhísí a bhaineann leis an luathóige le go mbainfear amach na torthaí is fearr do pháistí agus dá dtuismitheoirí.

Leis an Straitéis dréachta, mar aon leis an pháipéar fianaise, féachtar le:

- creat a shainmhíniú do pholasaithe an RO bunaithe ar dhearcadh níos leithne an Fheidhmeannais i leith pholasaithe um páistí; agus
- príomhchuspóirí agus príomhghnímh straitéiseacha a leagan síos ar mhaithe leis an fhorbairt agus leis an fheabhsú amach anseo.

Mínítear sa cháipéis comhthéacs na Straitéise dréachta ó thaobh idirnáisiúnta agus áitiúil araon de i dtaca le/leis:

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;
- Tuarascálacha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíoch (OECD) ar oideachas luathóige;
- Na spriocanna gaolmhara PSA atá leagtha síos ag an Tionól;
- An Ord um Páistí (TÉ) 1995 (The Children (NI) Order);
- An straitéis thrasrannach 10 mbliana ar pháistí agus daoine óga 2006-16 “Páistí agus an tAos Óg - Ár nGealltanas” (Our Children and Young People - Our Pledge);

- "Tábhacht le Teaghlaigh: Tacaíocht do Theaghlaigh" (Families Matter: Supporting Families) na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialacha agus Sábháilteachta Poiblí

- Seachadadh an Chláir um Leathnú Oideachais Réamhscoile (PSEEP) agus seirbhísí Sure Start do pháistí dhá bhliain d'aois.

Bunaithe orthu seo uilig, leagtar amach sa cháipéis fís, aidhmeanna agus cuspóirí don Straitéis i gcomhthéacs an cheithre phríomhréimse tosaíochta, mar atá:

i. Cáilíocht an tsoláthair agus na dtorthaí;

ii. Tábhacht na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí;

iii. Cothromas ó thaobh rochtana de; agus

iv. An tábhacht le naisc níos éifeachtaí agus seirbhísí á seachadadh.

Tá siad seo mar bhunchloch na Straitéise dréachta agus is i dtaca leis na ceisteanna seo go háirithe a fáilteofar roimh thuairimí.

Fís agus Aidhmeanna

Is é cuspóir an Straitéis dréachta creat a shainmhíniú do pholasaí na RO agus príomhchuspóirí agus príomhghnímh a leagan síos ar mhaithe leis an fhorbairt agus leis an fheabhsú amach anseo. Roghnaíodh an ceithre thosaíocht thuas bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise a bailíodh agus an Straitéis á forbairt. Bunaithe ar an fhianaise agus ar an taighde a measadh, is í an fhís ar a bhfuil an Straitéis dréachta bunaithe ná:

- *Deis a thabhairt do gach páiste a gcumas iomlán a bhaint amach trí na deiseanna is fearr agus is féidir a thabhairt dóibh i dtús a saoil.*

Ceist 1

An í seo an fhís cheart? An fís fhóirsteanach í i dtaca le straitéis luathóige?

Is ea ☐ Ní hea ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairim eile atá agat:

Bunaithe ar an pholasaí agus ar an chleachtas atá i réim cheana féin, agus ar an taigdhe atá déantar, leagtar amach mar aidhmeanna sa dréacht:

- *luach a chur le luathóige an pháiste agus meas a léiriú di, agus san am céanna dúshraith na foghlama a leagan síos agus constaicí air sin a bhaint ar shiúl le go n-éireoidh le gach páiste mar fhoghlaimeoir; agus*

- *torthaí dearfacha a bhaint amach do pháistí trí thacaíocht a chur ar fáil dóibh ina gcuid forbartha trí sheirbhísí ardcháilíochta, páistelárnacha atá dírithe ar an teaghlach, agus cothromas níos fearr maidir le rochtain a chinntiú.*

Leis na haidhmeanna seo a bhaint amach, féachfaidh an Roinn leis na páirtithe leasmhara i réimse na luathóige a spreagadh chun gnímh.

Ceist 2

An bhfuil na haidhmeanna seo fóirsteanach, dar leat?

Tá ☐ Níl ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairim eile atá agat:

Cuspóirí

Tá ceithre phríomhchuspóir socraithe a thagann leis na haidhmeanna agus a chinnteoidh go gceapfar polasaithe éifeachtacha agus go gcuirfear i bhfeidhm iad. Le níos mó eolais a fháil ar an réasúnaíocht a bhaineann leis na cuspóirí gabh chuig Aguisín 2 den Straitéis dréachta Luathóige (0-6).

Tugtar míniú níos cuimsithí sa Straitéis dréachta ar na cuspóirí a bhaineann leis na ceisteanna a gcaithfidh an Roinn Oideachais aghaidh a thabhairt orthu, agus lena gcaithfidh an Roinn a dhéanamh i dtaca le gach cuspóir ar leith.

Cáilíocht an tSoláthair

Cuspóir a hAon: Cáilíocht an tsoláthair luathóige a fheabhsú, rud a chuirfidh le torthaí foghlama na bpáistí ag deireadh na Bunchéime, go háirithe i dtaca le cúrsaí teanga agus uimhríochta, agus le forbairt phearsanta agus shóisialach na bpáistí, lena leas mothúchánach agus lena bhfonn chun foghlama.

Sainaithnítear sa Straitéis dréachta na ceisteanna seo a leanas a gcaithfidh an Roinn Oideachais dul i ngleic leo:

- fócas níos fearr ar thorthaí na bpáistí ag deireadh na Bunchéime, go háirithe chun cur leis an chaighdeán teanga agus uimhríochta;
- an bhearna idir na páistí is lú atá ullmhaithe don scoil agus iad siúd is mó atá ullmhaithe don scoil a laghdú;
- creat i gcoitinne maidir le forbairt pháistí idir 0 agus 6 bliana d'aois a sholáthar dóibh siúd a bhíonn ag obair le páistí (agus aghaidh á tabhairt ar an treoir chuí), mar aon le garspriocanna fóirsteanacha, impleachtaí don fhoghlaim agus do chaighdeáin, agus táscairí feidhmíochta lenar féidir cáilíocht an tsoláthair a chinntiú;
- moill ar an fhorbairt a aithint go luath, go háirithe i dtaca le teanga agus le constaicí eile ar an fhoghlaim;
- fócas níos fearr ar riachtanais speisialta nó bhreise agus ar pháistí atá faoi mhíbhuntáiste a aithint lena chinntiú go múnlaítear an soláthar go cuí le freastal ar na páistí is mó atá ina ghátar; agus
- na naisc idir soláthróirí luathóige (breith go 6 bliana d'aois) a láidriú, ar bhonn ceantar, nuair a bhíonn páistí ag aistriú ó chéim go céim (faoi láthair, Sure Start (0-4), réamhscolaíocht (3-4) agus Bunchéim (4-6)), lena chinntiú go ndéantar dul chun cinn san fhoghlaim agus san fhorbairt agus go ndéantar an t-eolas cuí a mhalartú.

Ceist 3

An iad seo na príomhcheisteanna ar cóir don RO aghaidh a thabhairt orthu?

Is iad ☐ Ní hiad ☐

Ceist 4

An dóigh leat go bhfuil réimsí eile ann ar cóir aghaidh a thabhairt orthu le cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú?

Moltar sa Straitéis dréachta go ndéanfaidh an RO an méid seo a leanas:

i. Gníomhóidh an RO le torthaí ag deireadh na Bunchéime a fheabhsú ar na dóigheanna seo a leanas:-

a. Déanfaidh an RO an ETI a choimisiúnú le dul ag obair leis na HSCTanna, leis an ESA agus le dreamanna eile nach iad chun na garspriocanna a mbeifear ag dréim leo i bhforbairt na bpáistí suas go dtí deireadh na Bunchéime a leagan síos agus chun an cleachtas is fearr a aimsiú leis na spriocanna sin a bhaint amach. Díreofar go mór mhór ar fhorbairt fhisiciúil, phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach, ar fhorbairt intleachtúil agus ar fhorbairt na teanga agus na huimhríochta, agus cuirfear chun tosaigh dul chun cinn níos éifeachtúla na bpáistí;

b. Déanfaidh an RO agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialacha agus Sábháilteachta Poiblí (RS), an ETI, an tÚdarás um Rialáil agus Feabhsú Cáilíochta, agus an HSCT Creat Cáilíochta a fhorbairt i dtaca le clárú soláthar luathóige agus measúnú air. San áireamh sa Chreat beidh imlíne leathan ar fhorbairt pháistí agus ar na príomh-gharspriocanna agus ar na himpleachtaí a bhainfidh leo i dtaca le soláthar foghlama de. Beidh Íos-Chaighdeáin an RS agus táscairí feidhmíochta an ETI ann fosta mar threoir don féinmheasúnú, don rialáil agus don chigireacht;

c. I bhfianaise na hoibre atá leagtha síos i bpointe b thuas go háirithe, éileoidh an RO go ndéanfaidh an ESA athbhreithniú ar an churaclam réamhscolaíochta agus go gcuirfidh siad comhairle ar an RO maidir le nuashonrú an churaclaim chun cur chuige soiléir, comhlántach a chinntiú le linn na luathóige;

d. I gcomhar leis an RS agus na HSCTanna, rachaidh an RO i ngleic le ceist na tearcfheidhmíochta agus an easpa soláthair i suímh réamhscolaíochta agus ag an Bhunchéim, de réir mar a thiocfaidh a leithéid chun solais le linn cigireachtaí, lena chinntiú go mbainfear amach na caighdeáin is airde agus go gcoinneofar iad; agus

e. Féachfaidh an RO le meicníocht fhóirsteanach a aimsiú le dul chun cinn i bhforbairt agus i bhfoghlaim na bpáistí a ghabháil de réir na ngarspriocanna a fhorbróidh an ETI.

ii. Forbróidh an RO, trí na gnímh seo a leanas, cur chuige comhordnaithe i leith sholáthar luathóige chun aistriú éasca ag na páistí agus malartú eolais a chinntiú ag na céimeanna éagsúla:-

a. Déanfaidh an RO taighde agus luacháil a choimisiúnú ón ETI agus ó dhreamanna eile le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht an tsoláthair agus ar aistriú na bpáistí go dtí an réamhscolaíocht agus an bhunscolaíocht; díreofar go mór mhór ar mheasúnú ar fhorbairt agus ar dhul chun cinn na bpáistí i dtaca leis na rudaí seo a leanas: foghlaim, soláthar do riachtanais speisialta oideachasúla, aistriú eolais agus leanúnachas sa churaclam;

b. Déanfaidh an RO an ESA a choimisiúnú le haghaidh a thabhairt, ar bhonn ceantar, ar na ceisteanna a bhaineann le páistí dhá bhliain d'aois agus soláthar naíscolaíochta agus le ranganna iontrála i mbunscoileanna lena chinntiú go mbíonn an soláthar ag fóirstean d'aois na bpáistí;

c. Oibreoidh an RO i gcomhar leis an RS chun meicníocht a fhorbairt (bunaithe ar fhoinsí eolais atá ann cheana féin nuair is cuí) leis an eolas is tábhachtaí a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí ionas go mbeidh na gníomhaireachtaí cuí in ann teacht ar an eolas is deireanaí faoin pháiste sa dóigh go mbeidh siad in ann dul i ngleic le fadhbanna ar bith a aithneofar; agus

d. Oibreoidh an RO i gcomhar leis an RS chun úsáid na huirlise measúnaithe a bhaineann le tuiscint a chur ar riachtanais pháistí a chur chun cinn ar fud na seirbhísí do pháistí mar bhealach cuimsitheach aonair chun measúnú, taifeadadh agus cumarsáid a dhéanamh idir na gníomhaireachtaí uilig chun go n-aithneofar go luath deacrachtaí agus na hidirghabhálacha cuí.

Ceist 5

An aontaíonn tú leis na gnímh atá á moladh?

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairim eile atá agat maidir leis na gnímh atá á moladh:

Ceist 6

Cad é eile is féidir a dhéanamh lena chinntiú go mbainfear an cuspóir amach?

Ról na dTuismitheoirí agus na gCúramóirí

***Cuspóir a Dó:** An ról a bhíonn ag tuismitheoirí agus ag cúramóirí páistí óga a aithint agus meas air sin a léiriú, agus an oiread a bhíonn an RO (agus a cuid comhpháirtithe) ag gníomhú le teaghlaigh agus le pobail a mhéadú.*

Aithnítear sa Straitéis dréachta na ceisteanna seo a leanas a gcaithfidh an RO aghaidh a thabhairt orthu:

- cáilíocht na cumarsáide le tuismitheoirí;
- an oiread a bhíonn an RO i dteagmháil le tuismitheoirí le tacaíocht a thabhairt dóibh i bhfoghlaim agus i bhforbairt a gcuid páistí ionas gur féidir leo a

bpríomhról mar chéad oideachasóirí a bpáistí a chomhlíonadh, agus leis an chomhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus foirne luathóige a neartú;

- an gá atá ann le hoibriú le tuismitheoirí na bpáistí sin atá i soláthar maoinithe le dul i ngleic le constaicí ar bith ar fhoghlaim na bpáistí, riachtanais speisialta oideachasúla san áireamh;
- tionchar na seirbhísí sláinte, cúraim agus foghlama a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste trí Chláir Sure Start; agus
- an fhoghlaim bunaithe ar an súgradh mar chuid de sholáthar luathóige, súgradh amuigh faoin aer san áireamh, agus aitheantas don súgradh mar chuid ríthábhachtach den fhoghlaim neamhfhoirmiúil le linn na luathóige.

Ceist 7

An iad seo na príomhcheisteanna is gá don RO aghaidh a thabhairt orthu?

Is iad ☐ Ní hiad ☐

Ceist 8

An measann tú go bhfuil réimsí eile ann ar cóir aghaidh a thabhairt orthu le ról na dtuismitheoirí a aithint, agus meas a léiriú air sin, agus le méadú ar an teagmháil leo?

Moltar sa Straitéis dréachta go ndéanfaidh an RO an méid seo a leanas:

i. Is ar na dóigheanna seo a leanas a gcuirfidh an RO chun cinn an chomhobair agus obair i ndlúthpháirtíocht le chéile idir tuismitheoirí agus soláthróirí luathóige le tacaíocht a thabhairt dóibh ina ról ríthábhachtach - mar atá tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad i mbun foghlama:-

   a. Tríd an ESA, cuirfidh an RO clár teaghlaigh i bhfeidhm i soláthar maoinithe réamhscolaíochta le feasacht na dtuismitheoirí ar gharspriocanna forbartha a bpáistí a mhéadú agus le cuidiú leo riachtanais bhreise nó speisialta oideachasúla a aithint go luath. Ar an

dóigh seo is é an rún atá ann go mbeidh na tuismitheoirí féin páirteach i mbaint ar shiúl na gconstaicí ar an fhoghlaim. Beidh an clár seo bunaithe go hiomlán ar an dea-chleachtas atá ann cheana féin;

b. Cinnteoidh an RO go mbeidh soláthar éifeachtach eolais agus comhairle ann do thuismitheoirí maidir leis na seirbhísí luathóige atá ar fáil, agus déanfar comhoibriú leis an RS i dtaca leis an Straitéis Tábhacht le Teaghlaigh (Families Matter); agus

c. Rachaidh an RO i gcomhairle le tuismitheoirí lena chinntiú go dtugtar a gcuid tuairimí san áireamh agus polasaithe á gceapadh. Rachaidh an ESA agus na forais eile chuí (Sure Start san áireamh) i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le forbairt seirbhísí luathóige.

ii. Méadóidh an RO ar an tacaíocht atá ann do thuismitheoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste trí oibriú le comhpháirtithe le cur le cumas tuismitheoirí cuidiú a thabhairt i bhfoghlaim a gcuid páistí ar na dóigheanna seo a leanas:-

a. Féachfaidh an RO le Sure Start agus leis an Chlár do Pháistí Dhá Bhliain d'Aois a leathnú le tacaíocht do pháistí agus do theaghlaigh atá ina gcónaí sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú;

b. Oibreoidh an RO in gcomhar leis an OFMDFM agus polasaí Súgartha agus Fóillíochta á fhorbairt. Cuirfidh an ESA eolas ar fáil do theaghlaigh maidir lena ról chun an súgradh a chur chun cinn i bhforbairt na luathfhoghlama mar rud luachmhar, an súgradh amuigh faoin aer san áireamh; agus

c. Cuirfidh an RO chun tosaigh an tábhacht a bhaineann le freastal rialta i suímh luathóige.

Ceist 9

An aontaíonn tú leis na gnímh thuas atá á moladh?

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairim eile atá agat i dtaca leis na gnímh atá á moladh:

Ceist 10

Cad iad na gnímh eile is féidir a dhéanamh lena chinntiú go mbainfear an cuspóir amach?

Cothromas agus Rochtain

***Cuspóir a Trí*: Cothromas agus rochtain ar sholáthar luathóige a fheabhsú.**

Aithnítear sa Straitéis dréachta na ceisteanna seo a leanas a gcaithfidh an RO aghaidh a thabhairt orthu:

- na ceisteanna maoinithe i measc soláthróirí maidir le soláthar réamhscolaíochta atá luaite i dTuarascáil an Phríomhchigire 2006-08 agus an gá atá ann lena chinntiú go mbaintear úsáid as acmhainní ar an dóigh is éifeachtaí ar mhaithe le seirbhísí a fheabhsú;
- leibhéil cháilíochtaí, forbairt ghairmiúil agus rochtain ar shaintacaíocht do lucht oibre na luathóige ar mhaithe le cothromas níos fearr a bhaint amach idir na soláthróirí reachtúla agus na soláthróirí neamhreachtúla agus ar mhaithe le caighdeáin a fheabhsú;
- Gaeloideachas a sholáthar mar is cuí dóibh siúd ar mian leo é;
- an Clár forbartha do Pháistí Dhá Bhliain d'Aois agus dá dtuismitheoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, go háirithe maidir le Sure Start;
- soláthar luathóige atá ag fóirstean d'aois an pháiste agus don chéim fhorbartha ag a bhfuil siad agus atá de réir an chleachtais is fearr; agus
- an dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh ar fud an tsoláthair luathóige do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise nó speisialta acu.

Ceist 11

An iad seo na príomhcheisteanna ar cóir don RO aghaidh a thabhairt orthu?

Is iad ☐ Ní hiad ☐

Ceist 12

An measann tú go bhfuil réimsí eile ann ar cóir aghaidh a thabhairt orthu le cothromas i soláthar luathóige agus rochtain air a fheabhsú? Más amhlaidh go measann, cad iad na réimsí sin?

Moltar sa Straitéis dréachta go ndéanfaidh an RO an méid seo a leanas:

i. Is ar na dóigheanna seo a leanas a gcuirfidh an RO le scileanna an lucht oibre i suímh luathóige atá maoinithe ag an RO trí leibhéal níos airde cáilíochtaí a chur chun tosaigh agus trí rochtain níos leithne ar fhorbairt ghairmiúil:-

   a. Oibreoidh an RO i gcomhar leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama, leis an ESA agus leis na forais chuí eile leis an íosleibhéal cáilíochtaí a ardú go NVQ Leibhéal 3 i gcás na ndaoine atá ag obair sna suímh uilig atá maoinithe ag an RO, Sure Start san áireamh; i gcás na gcinnirí a bhíonn i gceannas, ardófar an t-íosleibhéal cáilíochtaí go NVQ Leibhéal 4 ar a laghad;

   b. Aimseoidh an ESA, nó tabharfaidh siad chun críche, “clár ceannaireachta luathóige” agus cuirfidh siad ar fáil é dóibh siúd atá i rólanna ceannaireachta in áiteanna maoinithe réamhscolaíochta;

   c. Aimseoidh an ESA, i gcomhar leis an ETI, an ‘cleachtas is fearr’ bunaithe ar sholáthar luathóige atá maoinithe go reachtúil nó go deonach/ príobháideach agus scaipfidh siad eolas air ar mhaithe leis an cháilíocht a chur chun tosaigh i measc lucht oibre na luathóige i ngach áit; agus

   d. Féachfaidh an RO le tacaíocht a thabhairt don earnáil neamhreachtúil trí inniúlacht a mhéadú lena chinntiú gur féidir leo leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dóibh tríd an pholasaí ar riachtanais speisialta oideachasúla.

ii. Tabharfaidh an RO aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le rochtain ar sholáthar luathóige ar na dóigheanna seo a leanas:-

a. Déanfaidh an RO a machnamh ar athruithe ar na meicníochtaí maoinithe chun dul i ngleic leis na ceisteanna cothromais a bhaineann le hoideachas réamhscolaíochta, ag glacadh san áireamh srianta ó thaobh áiseanna de;

b. Ceapfaidh an ESA agus na HSCTanna meicníocht, trí na struchtúir chomhpháirtíochta atá ann cheana féin, le leithdháileadh áiteanna réamhscolaíochta a bhainistiú ar bhonn ceantar agus lena chinntiú go mbíonn an soláthar ag fóirstean d'aois an pháiste;

c. Cuirtear soláthar luathóige ar fáil trí aonaid bheaga agus tugtar áiteanna i ranganna iontrála i mbunscoileanna do pháistí réamhscolaíochta. Tabharfaidh an ESA isteach cur chuige, ar bhonn ceantar, a dhíreoidh ar phleanáil agus seachadadh sholáthar luathóige agus tacaíocht dó, lena chinntiú go ndéanfar eolas, saineolas, an dea-chleachtas agus acmhainní a mhalartú go forleathan i measc soláthróirí agus go mbeidh an soláthar ag fóirstean d'aois an pháiste;

d. Beidh ceangal ar gach soláthróir deonach agus príobháideach réamhscolaíochta a fhaigheann maoiniú tríd an Chlár um Leathnú Réamhscolaíochta oibriú de réir an chreata athbhreithnithe um riachtanais speisialta oideachasúla;

e. Soláthróidh an ESA rochtain ar fhorbairt, ar chomhairle mhaith agus ar shaineolas, as réimse iomlán na seirbhísí tacaíochta faoi choinne daltaí, do na foirne i suímh mhaoinithe réamhscolaíochta. Déanfar an tacaíocht sin a bhainistiú de réir an chuir chuige dá dtagraítear thuas a bheidh bunaithe ar cheantair;

f. Forbróidh an RO moltaí le rochtain ar sholáthar réamhscolaíochta trí Ghaeilge a fheabhsú;

g. Déanfaidh an RO soláthar páirtaimseartha laistigh den earnáil réamhscolaíochta reachtúla a chothabháil; bunófar aon athruithe a dhéanfar ar an chineál sin soláthair ar chritéir a bhainfidh le rochtain agus leis an mhíbhuntáiste; agus

h. Féachfaidh an RO le cur leis an soláthar do pháistí dhá bhliain d'aois.

Ceist 13

An aontaíonn tú leis na gnímh atá á moladh?

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairimí eile atá agat maidir leis na gnímh atá á moladh:

Ceist 14

Cad é eile is féidir a dhéanamh lena chinntiú go mbainfear an cuspóir amach?

Comhoibriú agus Comhtháthú

***Cuspóir a Ceathair*: Comhoibriú níos fearr a spreagadh idir na príomhpháirtithe le comhtháthú níos fearr a chur chun tosaigh maidir le seachadadh seirbhísí.**

Aithnítear sa Straitéis dréachta na ceisteanna seo a leanas a gcaithfidh an RO aghaidh a thabhairt orthu:

- caithfear i gcónaí díriú go príomha ar na páistí agus ar a gcuid riachtanas siúd ag gach leibhéal nuair a dhéantar idirghabháil;
- rannpháirtíocht níos fearr ag na príomhpháirtithe, go háirithe iad siúd a bhíonn ag plé le hoideachas, sláinte nó cúram sóisialta, lena chinntiú go mbeidh cur chuige níos comhtháite ann, go háirithe i dtaca le straitéisí idirghabhála luaithe; agus
- an oiread a imríonn soláthar luathóige tionchar ar pholasaí leathan an Feidhmeannais i dtaca le cúram páistí.

Ceist 15

An iad seo na príomhcheisteanna ar cóir don RO aghaidh a thabhairt orthu?

Is iad ☐ Ní hiad ☐

Ceist 16

An measann tú go bhfuil réimsí eile ann ar cóir aghaidh a thabhairt orthu le comhoibriú níos fearr idir na príomhpháirtithe a spreagadh ar mhaithe le comhtháthú níos fearr i dtaca le seachadadh seirbhísí? Más amhlaidh go measann, cad iad féin?

Moltar sa Straitéis dréachta go ndéanfaidh an RO an méid seo a leanas:

i. Féachfaidh an RO le comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a fhorbairt agus a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den rialtas lena chinntiú go mbíonn dearcadh soiléir ann maidir le riachtanais an pháiste. Is ar na dóigheanna seo a leanas a ndéanfar é sin:-

   a. Cuirfidh an RO leis na gnímh a dhéanfaidh an Feidhmeannas i dtaca le páistí agus na luathbhlianta, agus oibreoidh an RO i gcomhar le ranna eile leis an obair sin a fhí sa chéad Chlár eile don Rialtas, forbairt spriocanna um Chomhaontú na Seirbhísí Poiblí san áireamh;

   b. Éileoidh an RO go bhforbróidh an ESA agus an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí soláthar níos comhtháite agus seirbhísí luathbhlianta á seachadadh;

   c. Oibreoidh an ESA agus an Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialta/an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i gcomhar le chéile ar mheasúnú agus ar mhalartú sonraí; agus

   d. Amharcfaidh an RO agus an RS ar dhóigheanna lena oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an chóiríocht atá ann i láthair na huaire le comhtháthú seirbhísí níos fearr a chur chun tosaigh.

ii. Oibreoidh an RO agus an RS tríd an ESA agus tríd an Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialta/an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí leis na struchtúir is éifeachtaí a fhorbairt le pleanáil seirbhísí a dhéanamh ar bhonn réigiúnach agus go comhoibritheach, agus lena fháil amach cad é an dóigh is fearr le níos mó seirbhísí comhtháite a fhorbairt i dtaca le soláthar sna luathbhlianta. Is ar na dóigheanna seo a leanas a ndéanfar an méid sin:-

a. Déanfaidh an RO an ETI a choimisiúnú le cigireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair fhoghlama i ngach suíomh luathóige agus tuarascáil a scríobh; rachaidh an RO i gcomhairle leis an RS lena fheiceáil cad é mar a thiocfadh feidhm reachtúil an HSCT le ról feabhsú cáilíochta an ETI chun na caighdeáin is airde ó thaobh soláthair de a chinntiú de réir an chreata cháilíochta atá á mholadh;

b. Oibreoidh an RO i gcomhar leis an RS le torthaí sláinte, sóisialta agus oideachasúla do pháistí agus dá dteaghlaigh a fheabhsú. Tá sé de rún ag an RO aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le soláthar urlabhra agus teanga, agus le soláthar sláinte agus leasa shóisialta; agus

c. d'fhonn ceisteanna a bhaineann le bia sláintiúil agus leis an chothú a chur chun tosaigh, cuirfidh an RO le dualgais a cuid comhpháirtithe atá ag obair faoi láthair i gcomhar leis an ETI i mbunscoileanna le go rachaidh siad ag obair i suímh réamhscolaíochta fosta.

Ceist 17

An aontaíonn tú leis na gnímh atá á moladh?

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐

Scríobh isteach anseo aon tuairimí eile atá agat maidir leis na gnímh atá á moladh:

Ceist 18

Cad iad na gnímh eile is féidir a dhéanamh leis an chuspóir a bhaint amach?

Tuairimí Breise

Má tá aon tuairimí breise agat maidir leis an Straitéis dréachta, scríobh isteach sa bhosca seo thíos iad, le do thoil.

Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear